| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An maith leat an fharraige? | Do you like the sea? |
| | *Is maith. Is breá liom í.* | *Yes. I love it.* |
| | An dtéann tú go dtí an trá? | Do you go to the beach? |
| | *Téann. Téann mé ann go minic.* | *Yes. I go there often.* |
| | An bhfuil snámh agat? | Can you swim? |
| | *Tá. Tá snámh maith agam.* | *Yes. I can swim well.* |
| **2.** | An maith leat síscéalta? | Do you like fairy tales? |
| | *Is maith. Is breá liom iad.* | *Yes. I love them.* |
| | An maith leat bheith ag léamh? | Do you like reading? |
| | *Ní maith. Is fearr liom scannáin.* | *No. I prefer movies.* |
| | Ar léigh tú leabhair maith le déanaí? | Did you read a good book lately? |
| | *Léigh. Léigh mé leabhar dánta.* | *Yes. I read a book of poems.* |
| **3.** | Cad a rinne tú an tseachtain seo? | What did you do this week? |
| | *D'ith mé i mbialann galánta.* | *I ate at a fancy restaurant.* |
| | Cá ndeachaigh tú? | Where did you go? |
| | *Chuaigh mé ag obair.* | *I went to work.* |
| | Cad a chonaic tú? | What did you see? |
| | *Chonaic mé scannán.* | *I saw a film.* |

| Amhrán na Mara (Úna Levy) | | Song of the Sea |
|---|---|---|
| 1. | In imeacht na mblianta tá gruaim tar éis titim ar theach an tsolais. | With the passing of the years, gloominess has fallen on the lighthouse. |
| 2. | É gléasta i gculaith laoich, tá Ben ina shuí ar an trá, Cú lena thaobh, ag tarraingt pictiúr. | Dressed as a hero, Ben is sitting on the beach, Cú next to him, drawing pictures. |
| 3. | Madra mór grámhar atá i gCú anois, lán clúmh agus líocha fliucha. | Cú is a big loving dog now, full of fur and wet licks. |
| 4. | Tá Ben ag tarraingt pictiúr de na síscéalta ar ghnách lena mháthair a insint dó: | Ben is drawing pictures of the fairy tales that his mother would tell him: |
| 5. | scéalta faoin fhathach Mac Lir agus an Seanchaí Mór. | Stories about the giant Mac Lir (Manannán mac Lir of the Tuatha Dé Danann) and The Great Seanchaí (The Great Storyteller). |
| 6. | Tá a dheirfiúr bheag, Saoirse, cromtha thar a ghualainn. | His little sister, Saoirse, is bent over his shoulder. |
| 7. | Níl caint ar bith aici ach fós cuireann sí isteach ar Ben. | She doesn't say anything, but still she bothers Ben. |
| 8. | Ní maith leis í a bheith ag análú síos a mhuineál. | He doesn't like her breathing down his neck. |
| 9. | Cuireann Ben an ruaig uirthi agus siúlann Saoirse i dtreo na farraige áit a fheiceann sí rónta. | Ben chases her off and Saoirse walks towards the sea where she sees seals. |
| 10. | Tá na rónta ag glaoch uirthi. | The seals are calling to her. |
| 11. | Siúlann an cailín óg amach san uisce chucu. | The young girl walks out into the water to them. |
| 12. | Tá Cú ag iarraidh ar Ben dul ina diaidh ach tá eagla air roimh an fharraige. | Cú is wanting Ben to go after her but he's afraid of the sea. |
| 13. | Go tobann, ropann Cú leis isteach san uisce i ndiaidh Shaoirse, | Suddenly, Cú dashes off into the water after Saoirse. |

| | | |
|---|---|---|
| 14. | ag tarraingt Ben ina dhiaidh tríd na tonnta, gach scread leis an ghasúr bhocht. | pulling Ben after him through the waves, the poor boy screaming away. |
| 15. | É fliuch báite, siúlann Ben Saoirse roimhe suas chuig Conor, | Soaking wet, Ben walks Saoirse before him up to Conor. |
| 16. | atá caillte ina chuid smaointe brónacha féin. | who is lost in his own sad thoughts. |
| 17. | Tá Ben ag iarraidh ar Chonor pionós a ghearradh ar Shaoirse | Ben is wanting Conor to punish Saoirse |
| 18. | ach is beag aird a thugann a athair air. | but his father gives little heed to him. |
| 19. | Tógann sé Saoirse ina ucht. | He takes Saoirse to his chest. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| 1. | Cad atá tite ar theach an tsolais? | What has fallen on the lighthouse? |
| 2. | Cá bhfuil Ben? | Where is Ben? |
| 3. | Conas atá Ben gléasta? | How is Ben dressed? |
| 4. | Cad atá Ben ag déanamh? | What is Ben doing? |
| 5. | Conas atá Cú anois? | How is Cú now? |
| 6. | Cé hí Saoirse? | Who is Saoirse? |
| 7. | Cá bhfuil Saoirse? | Where is Saoirse? |
| 8. | Cad a rinne Ben le Saoirse? | What did Ben do to Saoirse? |
| 9. | Cá ndeachaigh sí? | Where did she go? |
| 10. | Cad a chonaic sí? | What did she see? |
| 11. | An dtaitníonn an fharraige le Ben? | Does Ben like the sea? |
| 12. | Cén fáth go ndeachaigh Ben isteach san uisce? | Why did Ben go into the water? |